

BY-NC-SA 4.0 Translation Worksheet

Original	Translation	Notes about translation challenges
Creative Commons (Creative Commons) Note: do not translate parenthetical	(Creative Commons)	
Attribution Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of this term	Sannadh	
NonCommercial Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of this term	Neamhthráchtáil	
ShareAlike Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of this term	Comhroinn faoi na dálaí céanna	
International Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of this term	Idirnáisiúnta	
Public License Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of this term	Ceadúnas Poiblí	
Creative Commons Legal Code Note: this is not legal code.	Cód Dlíthiúil Creative Commons	
Official translations of this license are available in other languages. Note: this is not legal code.	Tá aistriúcháin oifigiúla an cheadúnais seo ar fáil i dteangacha eile.	
Creative Commons Corporation (“Creative Commons”) is not a law firm and does not provide legal services or legal advice. Distribution of Creative Commons public licenses does not create a lawyer-client or other relationship. Creative Commons makes its licenses and related information available on an “as-is” basis. Creative Commons gives no warranties regarding its licenses, any material licensed under their terms and conditions, or any related information. Creative Commons disclaims all liability for damages resulting from their use to the fullest extent possible.	Ní gnólacht dli i Corparáid Creative Commons (“Creative Commons”) agus ní sholáthraíonn sí seirbhísí dlíthiúla ná comhairle dhli. Ní chruthaítear caidreamh dlíodóra-cliaint ná aon chaidreamh eile má dháiltear ceadúnais phoiblí Creative Commons. Cuireann an Creative Commons a chuid ceadúnas agus faisnéis ghaolmhar ar fáil ar bhonn “mar atá”. Ní thugann Creative Commons aon bharánta maidir lena gceadúnais, maidir le haon ábhar a cheadúnaítear de réir a dtéarmaí agus a gcoinníollacha, nó maidir le haon fhaisnéis ghaolmhar. Séanann Creative Commons, a oiread agus is féidir, gach	

Note: this is not legal code.	dliteanas as díobhálacha a eascraíonn as a n-úsáid.	
Using Creative Commons Public Licenses	Ceadúnais Phoiblí Creative Commons a Úsáid	
Note: this is not legal code.		
Creative Commons public licenses provide a standard set of terms and conditions that creators and other rights holders may use to share original works of authorship and other material subject to copyright and certain other rights specified in the public license below. The following considerations are for informational purposes only, are not exhaustive, and do not form part of our licenses.	Le ceadúnais phoiblí Creative Commons soláthraítear tacar caighdeánach téarmaí agus coinníollacha a bhféadfadh cruthaitheoirí agus sealbhóirí ceart eile é a úsáid chun bunsaothair údarthachta agus ábhar eile a chomhroinnt agus iad faoi réir cóipchirt agus cearta áirithe eile atá sonraithe sa cheadúnas poiblí thíos. Tugtar na foláirimh a leanas chun críocha faisnéise amháin, níl siad cuimsitheach, agus ní cuid d'ár gceadúnais iad.	
Note: this is not legal code.		
Considerations for licensors: Our public licenses are intended for use by those authorized to give the public permission to use material in ways otherwise restricted by copyright and certain other rights. Our licenses are irrevocable. Licensors should read and understand the terms and conditions of the license they choose before applying it. Licensors should also secure all rights necessary before applying our licenses so that the public can reuse the material as expected. Licensors should clearly mark any material not subject to the license. This includes other CC-licensed material, or material used under an exception or limitation to copyright. More considerations for licensors.	Foláirimh le haghaidh ceadúnóirí: Tá ár gceadúnais phoiblí beartaithe le go mbeifear á n-úsáid acu siúd atá údaraithe cead poiblí a thabhairt chun ábhar a úsáid i slite nach bhfuil srianta ar dhóigh eile mar gheall ar chóipcheart agus ar chearta áirithe eile. Tá ár gceadúnais neamh-inchúlghairthe. Ba cheart do cheadúnóirí téarmaí agus coinníollacha an cheadúnais a roghnaíonn siad a léamh agus a thuiscint sula ndéanann siad é a fheidhmiú. Ba cheart go ndéanfaidh ceadúnóirí gach ceart is gá a ghnóthú freisin sula ndéanann siad ár gceadúnais a fheidhmiú ionas gur féidir leis an bpobal an t-ábhar a athúsáid de réir mar a mbeifí ag súil leis. Ba cheart do cheadúnóirí aon ábhar nach bhfuil faoi réir an cheadúnais a mharcáil go soiléir. Áirítear leis sin ábhar eile atá ceadúnaithe ag CC, nó ábhar arna úsáid faoi eisceacht nó faoi theorainn ar chóipcheart. Tuilleadh foláirimh le haghaidh ceadúnóirí.	
Note: this is not legal code.		
Considerations for the public: By using one of our public licenses, a licensor grants the public permission to use the licensed material under specified terms and conditions. If the licensor's permission is not necessary for any reason—for example, because of any applicable exception or limitation to copyright—then that use is not regulated by the license. Our licenses grant only permissions under copyright and certain other rights that a licensor has authority to grant. Use of the licensed material may still be restricted for other reasons, including because others have copyright or other rights in the material. A licensor may make special requests, such as	Foláirimh don phobal: Má úsáidtear ceann d'ár gceadúnais phoiblí, bronnann ceadúnóir cead ar an bpobal an t-ábhar ceadúnaithe a úsáid faoi théarmaí agus coinníollacha sonraithe. Mura bhfuil cead ón gceadúnóir riachtanach ar aon chúis—mar shampla, mar gheall ar aon eisceacht is infheidhme nó mar gheall ar theorainn ar chóipcheart—sa chás sin ní rialaíonn an ceadúnas an úsáid sin. Ní bhronnann ár gceadúnais ach ceadanna faoi chóipcheart agus faoi chearta áirithe eile a bhfuil sé d'údarás ag ceadúnóir iad a bhronnadh. D'fhéadfadh srian a bheith ar úsáid ábhar ceadúnaithe fós mar gheall ar chúiseanna eile, lena n-áirítear an cóipcheart nó	

asking that all changes be marked or described. Although not required by our licenses, you are encouraged to respect those requests where reasonable. More considerations for the public. Note: this is not legal code.	cearta eile ar an ábhar a bheith ag daoine eile. Is féidir le ceadúnóir iarrataí speisialta a dhéanamh, mar shampla a iarraidh go ndéanfaí na hathruithe go léir a mharcáil nó tuairisc a dheanamh fúthu. Cé nach bhfuil tú faoi cheangal ag ár gceadúnas, iarrtar go láidir ort urraim a thabhairt do na hiarrataí sin más réasúnta iad. Tuilleadh breithnithe don phobal.	
By exercising the Licensed Rights (defined below), You accept and agree to be bound by the terms and conditions of this Creative Commons Attribution-NonCommercial-ShareAlike 4.0 International Public License ("Public License"). To the extent this Public License may be interpreted as a contract, You are granted the Licensed Rights in consideration of Your acceptance of these terms and conditions, and the Licensor grants You such rights in consideration of benefits the Licensor receives from making the Licensed Material available under these terms and conditions.	Ar chleachtadh na gCeart Ceadúnaithe duit (arna sainmhíniú thíos), glacann agus aontaíonn Tú a bheith faoi cheangal ag téarmaí agus coinníollacha Cheadúnas Poiblí Idirnáisiúnta 4.0 Comhroinn faoi na dálaí céanna-Neamhthráchtála-Sannadh Creative Commons (“Ceadúnas Poiblí”). A mhéid is féidir an Ceadúnas Poiblí seo a léirmhíniú mar chonradh, bronnar Ort na Cearta Ceadúnaithe agus aird á tabhairt ar ghlacadh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha seo Duit, agus bronnann an Ceadúnóir na cearta sin Ort agus aird á tabhairt ar na tairbhí a fhaigheann an Ceadúnóir ón Ábhar Ceadúnaithe a chur ar fáil faoi na téarmaí agus na coinníollacha seo.	
Section 1 – Definitions.	Roinn 1 – Sainmhínithe.	
a. Adapted Material means material subject to Copyright and Similar Rights that is derived from or based upon the Licensed Material and in which the Licensed Material is translated, altered, arranged, transformed, or otherwise modified in a manner requiring permission under the Copyright and Similar Rights held by the Licensor. For purposes of this Public License, where the Licensed Material is a musical work, performance, or sound recording, Adapted Material is always produced where the Licensed Material is synched in timed relation with a moving image. Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of the bolded term	a. Ciallaíonn Ábhar Oiriúnaithe ábhar atá faoi réir ag Cóipcheart agus ag Cearta Comhchosúla a dhíorthaítear ón Ábhar Ceadúnaithe nó atá bunaithe ar an Ábhar Ceadúnaithe agus ina mbíonn an tÁbhar Ceadúnaithe aistrithe, athraithe, cóirithe, trasfhoirmithe, nó modhnaithe ar dhóigh eile ina mbíonn cead faoin gCóipcheart agus faoi na Cearta Comhchosúla atá ag an gCeadúnóir riachtanach. Chun críocha an Cheadúnais Phoiblí seo, i gcás gur saothar ceoil, taibhléiriú, nó taifeadadh fuaime an tÁbhar Ceadúnaithe, cruthaítear Ábhar Oiriúnaithe i gcónaí nuair a bhíonn an tÁbhar Ceadúnaithe sioncronaithe i gcoibhneas uainithe le híomhánna ghluaisteach.	
b. Adapter's License means the license You apply to Your Copyright and Similar Rights in Your contributions to Adapted Material in accordance with the terms and conditions of this Public License. Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of the bolded term	b. Ciallaíonn Ceadúnas an Oiriúnóra an ceadúnas a fheidhmíonn Tú i leith Do Chóipchirt agus Do Chearta Comhchosúla i Do rannchodanna maidir le hÁbhar Oiriúnaithe i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha an Cheadúnais Phoiblí seo.	
c. BY-NC-SA Compatible License means	c. Ciallaíonn Ceadúnas Comhoiriúnach	

a license listed at creativecommons.org/compatiblelicenses, approved by Creative Commons as essentially the equivalent of this Public License. Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of the bolded term	BY-NC-SA ceadúnas atá liostaithe ar creativecommons.org/compatiblelicenses, arna fhormheas ag Creative Commons amhail is gurb ionann é agus leagan coibhéiseach den Cheadúnas Poiblí seo.	
d. Copyright and Similar Rights means copyright and/or similar rights closely related to copyright including, without limitation, performance, broadcast, sound recording, and Sui Generis Database Rights, without regard to how the rights are labeled or categorized. For purposes of this Public License, the rights specified in Section 2(b)(1)-(2) are not Copyright and Similar Rights. Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of the bolded term	d. Ciallaíonn Cóipcheart agus Cearta Comhchosúla cóipcheart nó aon cheart chomhchosúil a bhaineann go dlúth le cóipcheart lena n-áirítear, gan teorainn, taibhiú, craoladh, taifeadadh fuaime, agus Cearta Bunachair Shonraí Sui Generis, gan aird a thabhairt ar an dóigh a dhéantar na cearta a lipéadú nó a chatagóiriú. Chun críocha an Cheadúnais Phoiblí seo, níl Cóipcheart ná Cearta Comhchosúla ar na cearta atá sonraithe i Roinn 2(b)(1)-(2).	
e. Effective Technological Measures means those measures that, in the absence of proper authority, may not be circumvented under laws fulfilling obligations under Article 11 of the WIPO Copyright Treaty adopted on December 20, 1996, and/or similar international agreements. Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of the bolded term	e. Ciallaíonn Bearta Teicneolaíocha Éifeachtacha na bearta sin nach féidir dul thart timpeall orthu, in éagmais an údaráis chuí, faoi dhlíthe lena gcomhlíontar oibleagáidí faoi Airteagal 11 de Chonradh Cóipchirt WIPO a glacadh an Nollaig 20, 1996, nó comhaontuithe idirnáisiúnta comhchosúla.	
f. Exceptions and Limitations means fair use, fair dealing, and/or any other exception or limitation to Copyright and Similar Rights that applies to Your use of the Licensed Material. Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of the bolded term	f. Ciallaíonn Eisceachtaí agus Teorainneacha úsáid chóir, déileáil chóir, nó aon eisceacht nó teorainn eile ar Chóipcheart agus ar Chearta Comhchosúla a bhaineann Leat a bheith ag úsáid an Ábhair Cheadúnaithe.	
g. License Elements means the license attributes listed in the name of a Creative Commons Public License. The License Elements of this Public License are Attribution, NonCommercial, and ShareAlike. Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of the bolded term	g. Ciallaíonn Gnéithe Ceadúnais na tréithe ceadúnais a liostaítear san ainm ar Cheadúnas Poiblí Creative Commons. Is iad Sannadh, Neamhthráchtáil, agus Comhroinn faoi na Dálaí Céanna na Gnéithe Ceadúnais atá ag an gCeadúnas Poiblí seo.	
h. Licensed Material means the artistic or literary work, database, or other material to	h. Ciallaíonn Ábhar Ceadúnaithe an saothar ealaíonta nó liteartha, an	

which the Licensor applied this Public License. Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of the bolded term	bunachar sonraí, nó ábhar eile ar fheidhmigh an Ceadúnóir an Ceadúnas Poiblí seo ina leith.	
i. Licensed Rights means the rights granted to You subject to the terms and conditions of this Public License, which are limited to all Copyright and Similar Rights that apply to Your use of the Licensed Material and that the Licensor has authority to license. Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of the bolded term	i. Ciallaíonn Ceartha Ceadúnaithe na cearta a bhronntar Ort faoi réir téarmaí agus coinníollacha an Cheadúnais Phoiblí seo, atá teoranta do gach Cóipcheart agus do gach Ceart Comhchosúil a bhaineann le D'úsáid den Ábhar Ceadúnaithe agus údarás ag an gCeadúnóir é a cheadúnú.	
j. Licensor means the individual(s) or entity(ies) granting rights under this Public License. Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of the bolded term	j. Ciallaíonn Ceadúnóir an duine/na daoine nó an t-aonán/na haonáin a bhronnann cearta faoin gCeadúnas Poiblí seo.	
k. NonCommercial means not primarily intended for or directed towards commercial advantage or monetary compensation. For purposes of this Public License, the exchange of the Licensed Material for other material subject to Copyright and Similar Rights by digital file-sharing or similar means is NonCommercial provided there is no payment of monetary compensation in connection with the exchange. Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of the bolded term	k. Ciallaíonn Neamhthráchtáil nach bhfuil sé beartaithe chuige sin nó dírithe go príomha ar bhuntáiste tráchtála ná ar chúiteamh airgid. Chun críoch an Cheadúnais Phoiblí seo, tá malartú an Ábhair Cheadúnaithe le haghaidh ábhar eile atá faoi réir Cóipchirt agus Ceartha Comhchosúla trí chomhroinnt comhad nó trí mhodh comhchosúil ina mhalartú neamhthráchtála ar choinníoll nach ndéantar cúiteamh airgid a íoc maidir leis an malartú.	
l. Share means to provide material to the public by any means or process that requires permission under the Licensed Rights, such as reproduction, public display, public performance, distribution, dissemination, communication, or importation, and to make material available to the public including in ways that members of the public may access the material from a place and at a time individually chosen by them. Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of the bolded term	l. Ciallaíonn Comhroinn ábhar a chur ar fáil don phobal trí mhodh ar bith nó trí aon phróiseas lena n-éilítear cead ina leith faoi na Ceartha Ceadúnaithe, amhail atáirgeadh, taispeánt phoiblí, taibhiú poiblí, dáileadh, scaipeadh, cumarsáid, nó allmhairiú, agus chun ábhar a chur ar fáil don phobal, lena n-áirítear é a chur ar fáil i mbealaí trínar féidir leis an bpobail teacht ar an ábhar ó áit agus ag am a roghnaíonn siad féin ar bhonn aonair.	
m. Sui Generis Database Rights means rights other than copyright resulting from Directive 96/9/EC of the European	m. Ciallaíonn Ceartha Bunachair Shonraí Sui Generis cearta seachas an cóipcheart a bhíonn ann mar gheall ar	

Parliament and of the Council of 11 March 1996 on the legal protection of databases, as amended and/or succeeded, as well as other essentially equivalent rights anywhere in the world. Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of the bolded term	Threoir 96/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 1996 maidir le cosaint dhlíthiúil ar bhunachair shonraí, de réir mar atá leasaithe nó mar a bhfuil tagtha i gcomharbacht uirthi, mar aon le cearta eile ar fud an domhain ar chearta coibhéiseacha iad a bheag nó a mhór.	
n. You means the individual or entity exercising the Licensed Rights under this Public License. Your has a corresponding meaning. Note: please coordinate with other jurisdictions in your language on the translation of the bolded term	n. Ciallaíonn Tú an duine aonair nó an t-aonán a bhaineann úsáid as na Cearta Ceadúnaithe faoin gCeadúnas Poiblí seo. Tá brí chomhfhreagrach ag Do.	
Section 2 – Scope.	Roinn 2 – Raon Feidhme.	
a. License grant.	a. Deontas ceadúnais.	
1. Subject to the terms and conditions of this Public License, the Licensor hereby grants You a worldwide, royalty-free, non-sublicensable, non-exclusive, irrevocable license to exercise the Licensed Rights in the Licensed Material to:	1. Faoi réir théarmaí agus choinníollacha an Cheadúnais Phoiblí seo, dámhann an Ceadúnóir Ort leis seo ceadúnas domhanda, saor ó ríchíos, ceadúnas nach féidir a fhotheadúnú, atá neamheisiach, neamh-inchúlghairthe chun na Cearta Ceadúnaithe san Ábhar Ceadúnaithe a chleachtadh chun:	
A. reproduce and Share the Licensed Material, in whole or in part, for NonCommercial purposes only; and	A. an tÁbhar Ceadúnaithe a atáirgeadh agus a Chomhroinnt, ina iomlán nó i bpáirt, chun críocha Neamhthráchtála amháin; agus	
B. produce, reproduce, and Share Adapted Material for NonCommercial purposes only.	B. Ábhar Oiriúnaithe a tháirgeadh, a atáirgeadh agus a Chomhroinnt chun críocha Neamhthráchtála amháin.	
2. Exceptions and Limitations. For the avoidance of doubt, where Exceptions and Limitations apply to Your use, this Public License does not apply, and You do not need to comply with its terms and conditions.	2. Eisceachtaí agus Teorainneacha. Chun amhras a sheachaint, i gcás go mbaineann Eisceachtaí agus Teorainneacha le D’úsáid, ní bhíonn feidhm ag an gCeadúnas Poiblí seo, agus ní gá Duit na téarmaí agus coinníollacha go léir lena mbaineann a chomhlíonadh.	
3 ☐ Term. The term of this Public License is specified in Section 6(a).	3 ☐ Téarma. Tá téarma an Cheadúnais Phoiblí seo sonraithe i Roinn 6(a).	
4. Media and formats; technical modifications allowed. The Licensor authorizes You to exercise the Licensed Rights in all media and formats whether now known or hereafter created, and to make technical modifications necessary to do so. The Licensor waives and/or agrees not to assert any right or authority to forbid You from making technical modifications necessary to exercise the Licensed Rights, including technical modifications necessary to circumvent Effective Technological	4. Na meáin agus formáidí; ceadáítear mionathruithe teicniúla. Tugann an Ceadúnóir údarú Duit chun na Cearta Ceadúnaithe a chleachtadh i ngach meán agus formáid bídis ar eolas anois nó cruthaithe ina dhiaidh seo, agus chun mionathruithe teicniúla a dhéanamh de réir mar is gá chuige sin. Tarscaoileann an Ceadúnóir aon cheart nó comhaontaíonn an Ceadúnóir gan aon cheart ná údarás a fhógairt chun cosc a chur Ort na mionathruithe teicniúla is gá	

Measures. For purposes of this Public License, simply making modifications authorized by this Section 2(a)(4) never produces Adapted Material.	a dhéanamh chun an Ceart Ceadúnaithe a chleachtadh, lena n-áirítear na mionathruithe teicniúla is gá chun dul timpeall ar Bhearta Teicneolaíocha Éifeachtacha. Chun críocha an Cheadúnais Phoiblí seo, ní hionann na mionathruithe atá údaraithe sa Roinn seo .i. 2(a)(4) a dhéanamh agus Ábhar Oiriúnaithe a tháirgeadh in am ar bith.	
5. Downstream recipients.	5. Faighteoirí iartheachtach.	
A. Offer from the Licensor – Licensed Material. Every recipient of the Licensed Material automatically receives an offer from the Licensor to exercise the Licensed Rights under the terms and conditions of this Public License.	A. Tairiscint ón gCeadúnóir – Ábhar Ceadúnaithe. Faigheann gach faighteoir den Ábhar Ceadúnaithe tairiscint go huathoibríoch ón gCeadúnóir chun na Cearta Ceadúnaithe a chleachtadh faoi théarmaí agus faoi choinníollacha an Cheadúnais Phoiblí seo.	
B. Additional offer from the Licensor – Adapted Material. Every recipient of Adapted Material from You automatically receives an offer from the Licensor to exercise the Licensed Rights in the Adapted Material under the conditions of the Adapter’s License You apply.	B. Tairiscint bhreise ón gCeadúnóir – Ábhar Oiriúnaithe. Faigheann gach faighteoir d’Ábhar Oiriúnaithe Uait tairiscint go huathoibríoch ón gCeadúnóir chun na Cearta Ceadúnaithe a chleachtadh i leith an Ábhair Oiriúnaithe faoi choinníollacha an Cheadúnais Oiriúnóra a fheidhmíonn Tú.	
C. No downstream restrictions. You may not offer or impose any additional or different terms or conditions on, or apply any Effective Technological Measures to, the Licensed Material if doing so restricts exercise of the Licensed Rights by any recipient of the Licensed Material.	C. Gan aon srianadh iartheachtach. Ní féidir leat téarmaí ná coinníollacha breise ná éagsúla a thairiscint ná a fhorchur, ná aon Bheart Teicneolaíoch Éifeachtach a fheidhmiú i leith an Ábhair Cheadúnaithe más amhlaidh go gcuireann a leithéid srian ar aon fhaighteoir den Ábhar Ceadúnaithe chun na Cearta Ceadúnaithe a chleachtadh.	
6. No endorsement. Nothing in this Public License constitutes or may be construed as permission to assert or imply that You are, or that Your use of the Licensed Material is, connected with, or sponsored, endorsed, or granted official status by, the Licensor or others designated to receive attribution as provided in Section 3(a)(1)(A)(i).	6. Gan formhuiniú. Níl aon rud sa Cheadúnas Poiblí seo nó ní féidir aon rud ann a fhorléiriú mar chead chun a fhógairt nó a thabhairt le fios go bhfuil Tú féin, nó go bhfuil baint ag an úsáid a bhaineann Tú as an Ábhar Ceadúnaithe leis an gCeadúnóir, urraithe, formhuinithe, nó i ndiaidh stádas oifigiúil a fháil ón gCeadúnóir nó ó dhaoine eile atá ainmnithe chun sannadh a fháil de réir mar a fhoráiltear i Roinn 3(a)(1)(A)(i).	
b. Other rights.	b. Cearta eile.	
1. Moral rights, such as the right of integrity, are not licensed under this Public License, nor are publicity, privacy, and/or other similar personality rights; however, to the extent possible, the Licensor waives and/or agrees not to assert any such rights held by the Licensor to the limited extent necessary to allow You to exercise the Licensed Rights, but not otherwise.	1. Níl cearta morálta, amhail an ceart chun sláine an tsaothair, ceadúnaithe faoin gCheadúnas Poiblí seo, agus is amhlaidh i gcás poiblíochta, príobháideachais nó cearta pearsantachta comhchosúla eile; a mhéid agus is féidir, áfach, tarscaoileann an Ceadúnóir aon cheart den sórt sin nó comhaontaíonn an Ceadúnóir gan aon cheart den sórt sin, atá	

	ag an gCeadúnóir, a dhearbhuí, ach a mhéid is gá, agus sin go teoranta, ionas gur féidir Leat na Cearta Ceadúnaithe a chleachtadh, ach ní ar aon dóigh eile.	
2. Patent and trademark rights are not licensed under this Public License.	2. Níl cearta paitinne ná trádmhairc ceadúnaithe faoin gCeadúnas Poiblí seo.	
3. To the extent possible, the Licensor waives any right to collect royalties from You for the exercise of the Licensed Rights, whether directly or through a collecting society under any voluntary or waivable statutory or compulsory licensing scheme. In all other cases the Licensor expressly reserves any right to collect such royalties, including when the Licensed Material is used other than for NonCommercial purposes.	3. A mhéid agus is féidir, tarscaoileann an Ceadúnóir aon cheart ríchíosanna a bhailiú Uait le haghaidh na Cearta Ceadúnaithe a chleachtadh, ar dhóigh dhíreach nó trí chumann bailithe faoi aon scéim cheadúnúcháin reachtúil nó éigeantach a bheadh deonach nó intarscaoilte. I ngach cás eile coimeádan an Ceadúnóir an ceart go sainráite ríchíosanna den sórt sin a bhailiú, lena n-áirítearfiú i gcás ina n-úsáidtear an tÁbhar Ceadúnaithe chun críocha nach críocha Neamhthráchtála iad.	
Section 3 – License Conditions.	Roinn 3 – Coinníollacha an Cheadúnais.	
Your exercise of the Licensed Rights is expressly made subject to the following conditions.	Déantar na Cearta Ceadúnaithe a chleachtadh go sainráite faoi réir na gcoinníollacha a leanas.	
a. Attribution.	a. Sannadh.	
1. If You Share the Licensed Material (including in modified form), You must:	1. Má Chomhroinneann Tú an tÁbhar Ceadúnaithe (lena n-áirítear i bhfoirm mhodhnaithe), ní mór Duit:	
A. retain the following if it is supplied by the Licensor with the Licensed Material: i. identification of the creator(s) of the Licensed Material and any others designated to receive attribution, in any reasonable manner requested by the Licensor (including by pseudonym if designated); ii. a copyright notice; iii. a notice that refers to this Public License; iv. a notice that refers to the disclaimer of warranties; v. a URI or hyperlink to the Licensed Material to the extent reasonably practicable;	A. an méid a leanas a choimeád más é an Ceadúnóir a sholáthraíonn é leis an Ábhar Ceadúnaithe: i. cruthaitheoir/í an Ábhair Cheadúnaithe a shainaithint mar aon le haon duine eile atá ainmnithe chun sannadh a fháil, ar aon mhodh réasúnach arna iarraidh ag an gCeadúnóir (lena n-áirítear ainm bréige a úsáid má tá ceann ainmnithe); ii. fógra cóipchirt; iii. fógra ina dtagraítear don Cheadúnas Poiblí seo; iv. fógra ina dtagraítear do shéanadh barántaí; URI nó hipearnasc chuig an Ábhar Ceadúnaithe a mhéid agus is féidir go réasúnach;	
B. indicate if You modified the Licensed Material and retain an indication of any previous modifications; and	B. léirigh má rinne Tú an tÁbhar Ceadúnaithe a mhodhnú agus coimeád tasc maidir le haon mhionathrú roimhe seo; agus	
C. indicate the Licensed Material is licensed under this Public License, and include the text of, or the URI or hyperlink	C. léirigh go bhfuil an tÁbhar Ceadúnaithe ceadúnaithe faoin gCeadúnas Poiblí seo, agus cuir an téacs,	

to, this Public License.	nó URI nó an hipearnasc i leith an Cheadúnais Phoiblí seo san áireamh.	
2. You may satisfy the conditions in Section 3(a)(1) in any reasonable manner based on the medium, means, and context in which You Share the Licensed Material. For example, it may be reasonable to satisfy the conditions by providing a URI or hyperlink to a resource that includes the required information.	2. Is féidir leat na coinníollacha i Roinn 3(a)(1) a chomhlíonadh ar aon mhodh réasúnach bunaithe ar an meán, ar an mbealach, agus ar an gcomhthéacs ina ndéanann Tú an tÁbhar Ceadúnaithe a Chomhroinnt. Mar shampla, d'fhéadfadh sé a bheith réasúnach na coinníollacha a chomhlíonadh trí URI nó hipearnasc chuig acmhainn lena n-áirítear an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil.	
3. If requested by the Licensor, You must remove any of the information required by Section 3(a)(1)(A) to the extent reasonably practicable.	3. Má iarrann an Ceadúnóir é, ní mór Duit aon chuid den fhaisnéis a bhíonn ag teastáil i Roinn 3(a)(1)(A) a bhaint a mhéid agus is féidir go réasúnach.	
b. ShareAlike.	b. Comhroinn faoi na dálaí céanna.	
In addition to the conditions in Section 3(a), if You Share Adapted Material You produce, the following conditions also apply.	Anuas ar na coinníollacha i Roinn 3(a), má Chomhroinneann Tú an tÁbhar Oiriúnaithe a tháirgeann Tú, beidh baint ag na coinníollacha a leanas freisin.	
1. The Adapter's License You apply must be a Creative Commons license with the same License Elements, this version or later, or a BY-NC-SA Compatible License.	1. An Ceadúnas Oiriúnóra a fheidhmíonn Tú, ní mór é a bheith ina cheadúnas Creative Commons lena mbainfidh na hEilimintí Ceadúnais céanna, leis an leagan seo nó ina dhiaidh sin, nó ina Cheadúnas Comhoiriúnach BY-NC-SA.	
2. You must include the text of, or the URI or hyperlink to, the Adapter's License You apply. You may satisfy this condition in any reasonable manner based on the medium, means, and context in which You Share Adapted Material.	2. Ní mór duit an téacs, URI nó hipearnasc i leith an Cheadúnais Oiriúnóra a fheidhmíonn Tú a chur san áireamh. Is féidir leat an coinníoll a chomhlíonadh ar aon mhodh réasúnach bunaithe ar an meán, ar an mbealach, agus ar an gcomhthéacs ina ndéanann Tú an tÁbhar Oiriúnaithe a Chomhroinnt.	
3. You may not offer or impose any additional or different terms or conditions on, or apply any Effective Technological Measures to, Adapted Material that restrict exercise of the rights granted under the Adapter's License You apply.	3. Ní féidir leat téarmaí ná coinníollacha breise ná éagsúla a thairiscint ná a fhorchur, ná aon Bheart Teicneolaíoch Éifeachtach a fheidhmiú i leith an Ábhair Cheadúnaithe má shrianann a leithéid cleachtadh na gceart arna mbronnadh faoin gCeadúnas Oiriúnóra a fheidhmíonn Tú.	
Section 4 – Sui Generis Database Rights.	Roinn 4 – Cearta Bunachair Shonraí Sui Generis.	
Where the Licensed Rights include Sui Generis Database Rights that apply to Your use of the Licensed Material:	I gcás go n-áirítear Cearta Bunachair Shonraí Sui Generis a bhaineann le D'úsáid den Ábhar Ceadúnaithe leis na Cearta Ceadúnaithe:	
a. for the avoidance of doubt, Section 2(a)(1) grants You the right to extract, reuse, reproduce, and Share all or a substantial portion of the contents of the database for NonCommercial purposes only;	a. chun amhras a sheachaint, bronnann Roinn 2(a)(1) Ort an ceart gach cuid nó cuid shuntasach d'inneachar an bhunachair sonraí a asbhaint, a athúsáid, a atáirgeadh, agus a Chomhroinnt chun críocha Neamhthráchtála amháin;	

b. if You include all or a substantial portion of the database contents in a database in which You have Sui Generis Database Rights, then the database in which You have Sui Generis Database Rights (but not its individual contents) is Adapted Material, including for purposes of Section 3(b); and	b. má chuireann Tú gach cuid nó cuid shuntasach d'inneachar an bhunachair shonraí i mbunachar sonraí ina bhfuil Cearta Bunachair Shonraí Sui Generis Agat, ansin is Ábhar Oiriúnaithe an bunachar sonraí a bhfuil Cearta Bunachair Shonraí Sui Generis Agat ann (ach ní an t-inneachar aonair féin lena mbaineann), chun críocha Roinn 3(b) san áireamh; agus	
c. You must comply with the conditions in Section 3(a) if You Share all or a substantial portion of the contents of the database.	c. Ní mór duit na coinníollacha i Roinn 3(a) a chomhlíonadh má Chomhroinneann Tú gach cuid nó cuid shuntasach d'inneachar an bhunachair shonraí.	
For the avoidance of doubt, this Section 4 supplements and does not replace Your obligations under this Public License where the Licensed Rights include other Copyright and Similar Rights.	Chun amhras a sheachaint, forlíonann Roinn 4 D'oibleagáidí faoin gCeadúnas Poiblí seo, ach ní ghabhann sé ionad D'oibleagáidí faoi, i gcás go n-áirítear Cóipcheart eile agus Cearta Comhchosúla leis na Cearta Ceadúnaithe.	
Section 5 – Disclaimer of Warranties and Limitation of Liability.	Roinn 5 – Séanadh Barántaí agus Teorainn ar Dhliteanas.	
a. Unless otherwise separately undertaken by the Licensor, to the extent possible, the Licensor offers the Licensed Material as-is and as-available, and makes no representations or warranties of any kind concerning the Licensed Material, whether express, implied, statutory, or other. This includes, without limitation, warranties of title, merchantability, fitness for a particular purpose, non-infringement, absence of latent or other defects, accuracy, or the presence or absence of errors, whether or not known or discoverable. Where disclaimers of warranties are not allowed in full or in part, this disclaimer may not apply to You.	a. Mura dtugann an Ceadúnóir faoi go leithleach ar dhóigh eile, a mhéid agus is féidir sin, tairgeann an Ceadúnóir an tÁbhar Ceadúnaithe mar atá agus mar atá ar fáil, agus ní dhéanann sé aon uiríoll ná baránta de chineál ar bith a thabhairt maidir leis an Ábhar Ceadúnaithe, bíodh sin go sainráite, bíodh sé le tuiscint, bíodh sé ar bhonn reachtúil nó eile. Áirítear leis sin, gan teorainn, barántaí teidil, indíoltacht, oiriúnacht le haghaidh cuspóir ar leith, neamhshárú, easpa fabhtanna neamhfholasacha nó eile, cruinneas, nó láithreachas nó easnamh earráidí, bídís ar eolas, anaithnid nó inbhraite. I gcás nach gceadaítear séantaí barántaí ina n-iomlán ná i bpáirt, féadfaidh sé nach mbeidh an séanadh seo i bhfeidhm maidir Leat.	
b. To the extent possible, in no event will the Licensor be liable to You on any legal theory (including, without limitation, negligence) or otherwise for any direct, special, indirect, incidental, consequential, punitive, exemplary, or other losses, costs, expenses, or damages arising out of this Public License or use of the Licensed Material, even if the Licensor has been advised of the possibility of such losses, costs, expenses, or damages. Where a limitation of liability is not allowed in full or in part, this limitation may not apply to You.	b. A mhéid agus is féidir, ní bheidh an Ceadúnóir faoi dhliteanas Duit in aon chás maidir le haon teoiric dhlíthiúil (lena n-áirítear, gan teorainn, neamart) nó ar dhóigh eile as aon chaillteanas, costas, speanas ná díobháil, bídís díreach, speisialta, indíreach, teagmhasach, iartheachtach, pionóiseach, eiseamláireach nó eile, ag eascairt as an gCeadúnas Poiblí seo nó mar gheall ar úsáid an Ábhair Cheadúnaithe, fiú más ea go bhfuil comhairle tugtha don Cheadúnóir maidir leis an bhféidearthacht go mbeadh na	

	caillteanais, costais, speanais nó díobhálacha i gceist. I gcás nach gceadaítear teorainn ar dhliteanais ina iomlán ná i bpáirt, féadfaidh sé nach mbaineann an séanadh seo Leat.	
c. The disclaimer of warranties and limitation of liability provided above shall be interpreted in a manner that, to the extent possible, most closely approximates an absolute disclaimer and waiver of all liability.	c. Léirmhíneofar an séanadh barántaí agus an teorainn ar dhliteanas atá curtha ar fáil thuas ar dhóigh, a mhéid agus is féidir, atá ina shéanadh absalóideach agus ina tharscaoileadh ar gach dliteanas.	
Section 6 – Term and Termination.	Roinn 6 – Téarma agus Foirceannadh.	
a. This Public License applies for the term of the Copyright and Similar Rights licensed here. However, if You fail to comply with this Public License, then Your rights under this Public License terminate automatically.	a. Baineann an Ceadúnas Poiblí seo le téarma an Chóipchirt agus leis na Cearta Comhchosúla atá ceadúnaithe anseo. Má theipeann Ort cloí leis an gCeadúnas Poiblí seo, ansin déantar Do chearta faoin gCeadúnas Poiblí seo a fhoirceannadh go huathoibríoch.	
b. Where Your right to use the Licensed Material has terminated under Section 6(a), it reinstates:	b. I gcás go mbíonn Do cheart an tÁbhar Ceadúnaithe a úsáid foirceanta faoi Roinn 6(a), athshonraítear ann:	
1. automatically as of the date the violation is cured, provided it is cured within 30 days of Your discovery of the violation; or	1. go huathoibríoch ón dáta ar a ndéantar an sárú a leigheas, ar choinníoll go leigheastar é faoi cheann 30 lá i ndiaidh Duit an sárú a bhrath; nó	
2. upon express reinstatement by the Licensor.	2. ar aischur sainráite ag an gCeadúnóir.	
For the avoidance of doubt, this Section 6(b) does not affect any right the Licensor may have to seek remedies for Your violations of this Public License.	Chun amhras a sheachaint, ní dhéanann an Roinn 6(b) seo difear d'aon cheart a d'fhéadfadh a bheith ag an gCeadúnóir chun réitigh a lorg ar Do sháruithe ar an gCeadúnas Poiblí seo.	
c. For the avoidance of doubt, the Licensor may also offer the Licensed Material under separate terms or conditions or stop distributing the Licensed Material at any time; however, doing so will not terminate this Public License.	c. Chun amhras a sheachaint, d'fhéadfadh an Ceadúnóir an tÁbhar Ceadúnaithe a thairiscint freisin faoi théarmaí nó faoi choinníollacha leithleacha nó stad a chur le dáileadh an Ábhair Cheadúnaithe ag am ar bith; má dheantar sin, áfach, ní fhágann sé go ndéanfar an Ceadúnas Poiblí seo a fhoirceannadh.	
d. Sections 1, 5, 6, 7, and 8 survive termination of this Public License.	d. Mairfidh Roinn 1, 5, 6, 7 agus 8 i ndiaidh fhoirceannadh an Cheadúnais Phoiblí seo.	
Section 7 – Other Terms and Conditions.	Roinn 7 – Téarmaí agus Coinníollacha Eile.	
a. The Licensor shall not be bound by any additional or different terms or conditions communicated by You unless expressly agreed.	a. Ní bheidh an Ceadúnóir faoi cheangal ag aon cheann de na téarmaí nó coinníollacha breise nó éagsúla a chuireann Tú in iúl mura bhfuil sé sin comhaontaithe Agat go sainráite.	
b. Any arrangements, understandings, or agreements regarding the Licensed Material not stated herein are separate from and independent of the terms and conditions of	b. Aon socrú, míthuiscint, nó comhaontú maidir leis an Ábhar Ceadúnaithe nach bhfuil sonraithe anseo, tá siad leithleach agus neamhspleách ar théarmaí agus	

this Public License.	coinníollacha an Cheadúnais Phoiblí seo.	
Section 8 – Interpretation.	Roinn 8 – Léirmhíniú.	
a□□ For the avoidance of doubt, this Public License does not, and shall not be interpreted to, reduce, limit, restrict, or impose conditions on any use of the Licensed Material that could lawfully be made without permission under this Public License.	a□ Chun amhras a sheachaint, ní dhéanann an Ceadúnas Poiblí seo, agus ní bheidh sé le tuiscint go ndéanann sé, coinníollacha a laghdú, a theorannú, a shrianadh nó a fhorchur maidir le haon úsáid den Ábhar Ceadúnaithe ar féidir a dhéanamh gan chead faoin gCeadúnas Poiblí seo.	
b. To the extent possible, if any provision of this Public License is deemed unenforceable, it shall be automatically reformed to the minimum extent necessary to make it enforceable. If the provision cannot be reformed, it shall be severed from this Public License without affecting the enforceability of the remaining terms and conditions.	b. A mhéid agus is féidir, má mheastar go bhfuil aon fhoráil den Cheadúnas Poiblí seo neamh-infhorfheidhmithe, déanfar athchóiriú uirthi go huathoibríoch a mhéid is lú is gá le go mbeadh sé infhorfheidhmithe. Murar féidir an fhoráil a athchóiriú, scarfar í ón gCeadúnas Poiblí seo gan difear a dhéanamh d'infhorfheidhmitheacht na dtéarmaí agus na gcoinníollacha eile a bheidh fágtha.	
c. No term or condition of this Public License will be waived and no failure to comply consented to unless expressly agreed to by the Licensor.	c. Ní tharscaoilfear aon téarma ná coinníoll den Cheadúnas Poiblí seo agus ní fhormheasfar aon mhainneachtain comhlíontachta mura bhfaightear comhaontú sainráite ón gCeadúnóir.	
d. Nothing in this Public License constitutes or may be interpreted as a limitation upon, or waiver of, any privileges and immunities that apply to the Licensor or You, including from the legal processes of any jurisdiction or authority.	d. Níl aon rud sa Cheadúnas Poiblí seo ina theorainn agus níor cheart aon rud sa Cheadúnas Poiblí seo a thuiscint mar theorainn nó mar tharscaoileadh i leith aon phribhléide ná imdhíonachta is infheidhme maidir leis an gCeadúnóir nó Leatsa, lena n-áirítear pribhléad nó imdhíonacht ó phróisis dhlíthiúla de chuid aon dlínse nó údaráis.	
Creative Commons is not a party to its public licenses. Notwithstanding, Creative Commons may elect to apply one of its public licenses to material it publishes and in those instances will be considered the “Licensor.” The text of the Creative Commons public licenses is dedicated to the public domain under the CC0 Public Domain Dedication. Except for the limited purpose of indicating that material is shared under a Creative Commons public license or as otherwise permitted by the Creative Commons policies published at creativecommons.org/policies , Creative Commons does not authorize the use of the trademark “Creative Commons” or any other trademark or logo of Creative Commons without its prior written consent including, without limitation, in connection with any unauthorized modifications to any of its public licenses or any other	Níl Creative Commons ina pháirtí ina chuid ceadúnais poiblí. D’ainneoin sin, féadfaidh Creative Commons rogha a dhéanamh ceann dá cheadúnais phoiblí a fheidhmiú maidir leis an ábhair a fhoilsíonn sé agus sna cásanna siúd measfar gurb é an “Ceadúnóir” é. Tá téacs na gceadúnas poiblí Creative Commons tiomanta don fhearann poiblí faoi Thiomantas Fhearann Poiblí CC0. Cé is móite den chuspóir teoranta go léireofaí go bhfuil an t-ábhar comhroinnte faoi cheadúnas poiblí Creative Commons nó mar atá ceadaithe ar dhóigh eile ag beartais Creative Commons atá foilsithe ar creativecommons.org/policies , ní thugann Creative Commons aon údarú an trádhmharc “Creative Commons” nó aon trádhmharc nó lógó eile de chuid Creative Commons a úsáid gan formheas a fháil i	

arrangements, understandings, or agreements concerning use of licensed material. For the avoidance of doubt, this paragraph does not form part of the public licenses. Note: this is not legal code.	scríbhinn uaidh roimh ré, agus san áireamh leis sin, gan teorainn, maidir le haon mhodhnú neamhúdraithe ar aon cheann dá cheadúnais phoiblí nó maidir le haon shocrú, tuiscint nó comhaontú eile maidir le húsáid an ábhair cheadúnaithe. Chun amhras a sheachaint, níl an mhír seo ina chuid de na ceadúnais phoiblí.	
Creative Commons may be contacted at creativecommons.org . Note: this is not legal code.	Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Creative Commons ar creativecommons.org .	
Additional languages available: Please read the FAQ for more information about official translations. Note: this is not legal code.	Tá tuilleadh teangacha ar fáil: Léigh na Ceisteanna Coitianta le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le haistriúcháin oifigiúla.	
Back to Commons Deed Note: this is not legal code.	Ar ais chuig Gníomhas Commons	

For BY:

Original	Translation	Notes
reproduce and Share the Licensed Material, in whole or in part; and	an tÁbhar Ceadúnaithe a atáirgeadh agus a Chomhroinnt, ina iomlán nó i bpáirt; agus	
produce, reproduce, and Share Adapted Material	Ábhar Oiriúnaithe a tháirgeadh, a atáirgeadh, agus a Chomhroinnt	
To the extent possible, the Licensor waives any right to collect royalties from You for the exercise of the Licensed Rights, whether directly or through a collecting society under any voluntary or waivable statutory or compulsory licensing scheme.	A mhéid agus is féidir, tarscaoileann an Ceadúnóir aon cheart ríchíosanna a bhailiú Uait le haghaidh na Cearta Ceadúnaithe a chleachtadh, ar dhóigh dhíreach nó trí chumann bailithe faoi aon scéim cheadúnúcháin reachtúil nó éigeantach a bheadh deonach nó intarscaoilte.	
If You Share Adapted Material You produce, the Adapter's License You apply must not prevent recipients of the Adapted Material from complying with this Public License.	Má Chomhroinneann Tú Ábhar Oiriúnaithe a tháirgeann Tú féin, maidir le Ceadúnas an Oiriúnóra a chuireann Tú i bhfeidhm, ní mór dó gan cosc a chur ar fhaighteoirí an Ábhair Oiriúnaithe an Ceadúnas Poiblí seo a chomhlíonadh.	
for the avoidance of doubt, Section 2(a)(1) grants You the right to extract, reuse, reproduce, and Share all or a substantial	chun amhras a sheachaint, bronnann Roinn 2(a)(1) Ort an ceart gach cuid nó cuid	

portion of the contents of the database;	shuntasach d'inneachar an bhunachair shonraí a asbhaint, a athúsáid, a atáirgeadh, agus a Chomhroinnt;	
if You include all or a substantial portion of the database contents in a database in which You have Sui Generis Database Rights, then the database in which You have Sui Generis Database Rights (but not its individual contents) is Adapted Material	má chuireann Tú gach cuid nó cuid shuntasach d'inneachar an bhunachair shonraí i mbunachar sonraí ina bhfuil Cearta Bunachair Shonraí Sui Generis Agat, sa chás sin is Ábhar Oiriúnaithe é an bunachar sonraí a bhfuil Cearta Bunachair Shonraí Sui Generis Agat ann (ach ní hea an t-inneachar aonair féin lena mbaineann)	

For BY-ND:

Original	Translation	Notes
NoDerivatives	Gan Díorthaigh	
reproduce and Share the Licensed Material, in whole or in part	an tÁbhar Ceadúnaithe a atáirgeadh agus a Chomhroinnt, ina iomlán nó i bpáirt	
produce and reproduce, but not Share, Adapted Material	táirgeadh agus atáirgeadh, gan Chomhroinnt, Ábhair Oiriúnaithe	
If You Share the Licensed Material, You must	Má Chomhroinneann Tú an tÁbhar Ceadúnaithe, ní mór Duit	
, provided You do not Share Adapted Material	, ar choinníoll nach gComhroinneann Tú Ábhar Oiriúnaithe	
For the avoidance of doubt, You do not have permission under this Public License to Share Adapted Material.	Chun amhras a sheachaint, níl cead Agat faoin gCeadúnas Poiblí seo Ábhar Oiriúnaithe a Chomhroinnt.	

For BY-NC-ND:

Original	Translation	Notes
produce and reproduce, but not Share, Adapted Material for NonCommercial purposes only	táirgeadh agus atáirgeadh, gan Chomhroinnt, Ábhair Oiriúnaithe chun críocha Neamhthráchtála amháin	
and provided You do not Share Adapted Material	agus ar an gcoinníoll nach gComhroinneann Tú Ábhar Oiriúnaithe	